**Cú Chulainn agus Conchúr Mac Neasa**



Buachaill óg ab ea Setanta Mac Sualdaimh nuair a mharaigh sé cú faire leis an ngabha Culann. Cú ab ea é nach raibh aon duine in ann é a láimhseáil ach Culann féin. Nuair a scaoileadh amach an cú sin istoíche ní thagadh bithiúnach, ná gadaí, ná aon duine eile an treo ach go gcuireadh an cú an teitheadh orthu. Bhí Culann trína chéile toisc ná beadh in ann é a chosaint, ach dúirt Setanta go ndéanfadh sé féin an cúram san. Thug Cafa (Cathbhadh), draoi, an t-ainm Cú Chulainn air mar gheall air sin, agus lean an t-ainm dó ar feadh a shaoil.

Sea, bhí go maith is ní raibh go holc. Bhí Cú Chulainn ina chónaí in Eamhain Mhacha mar a raibh Conchúr Mac Neasa ina rí. An uair sin bhíodh scata ógánach ag traenáil le bheith ina laochra in Eamhain Mhacha. Cé go raibh Cú Chulainn i bhfad níos óige ná an chuid eile, bhíodh sé ina measc uaireanta ag foghlaim cleasa lútha agus gaiscíochta. Go deimhin bhí Cú Chulainn níos láidre ná an chuid eile agus níos tapúla ar a chois ná iad. Sin an fáth gur lig Conchúr mac Neasa dó a bheith ina measc an chéad lá.

Anois, tharla sé maidin aoibhinn ghréine nach raibh Cú Chulainn leis an gcuid eile. Ach bhí sé ag cleachtadh dó féin os comhair Eamhain Mhacha amach. Lena linn sin bhí Cafa ag múineadh filíochta agus seanchais dosna hógánaigh a bhí ina suí ar phort deas féir in aice an dúna. Sa chaint dó d’inis sé dóibh go mbeadh clú agus cáil go deo ar an gcéad duine a ghlacfadh airm chuige féin an lá san.

“An chéad laoch a ghlacfaidh airm inniu,” a dúirt Cafa “beidh a ainm in airde i measc na nGael go deo. Faraor, ní fada an saol a bheidh ag an laoch san – gheobhaidh sé bás ina fhear óg.”

Sea, cé nach raibh Cú Chulainn i measc na n-ógánach, ach é ag caitheamh léim ar an bhfaiche os comhair an dúna amach, chuala sé an méid a bhí ráite ag Cafa. Theastaigh uaidh go mbeadh clú agus cáil air, agus ba chuma leis fé aon ní eile. Ba chuma leis fén gcuid eile de chaint Chafa – sé sin go bhfaigheadh sé bás ina fhear óg. Seo leis fé luas go dtí Conchúr mac Neasa.

“A Chonchúir uasail Mhic Neasa” a dúirt sé, “is mise Cú Chulainn, mac do dheirféar, agus táim ullamh anois le hairm a ghlacadh chugam ar an láthair seo.”

D’fhéach Conchúr Mac Neasa ar an mbuachaillín óg agus bhí iontas air an chaint seo a chloisint uaidh. Gan dabht níorbh í an chéad uair a chuir an buachaillín céanna iontas air féin ná ar na hUltaigh eile. Labhair sé.

“Is breá misniúil an chaint agat í sin” ar seisean, “ach cé chuir id cheann é airm a ghlacadh anois?”

“Do dhein Cafa, draoi!” arsa Cú Chulainn.

“Más mar sin é” arsa Conchúr mac Neasa “tabharfad na hairm duit.”

Sin é an nós a bhí ann san am, go dtabharfadh Conchúr Mac Neasa airm don laoch óg nuair a déarfadh Cafa go raibh sé ullamh chuige. Ghlaoigh Conchúr ar ghiolla.



“Faigh sleá agus sciath don ngaiscíoch óg seo” ar seisean.

D’imigh an giolla leis agus d’fhill sé gan mhoill le sleá bheag ghearra agus sciath bheag éadrom, mar go raibh Cú Chulainn chomh beag, chomh hóg. Thóg Cú Chulainn na hairm ón ngiolla. Tharraing sé buille beag den tsleá ar an dtalamh agus bhris sí. Chuir sé a dhorn trén sciath.

“Ní haon airm chearta iadsan do ghaiscíoch le Conchúr mac Neasa” arsa Cú Chulainn.



“Faigh airm níos fearr dó” arsa Conchúr.

D’imigh an giollla arís agus d’fhill sé le  sleá agus le sciath eile, sleá agus sciath mar a bhíodh ag na laochra fásta go léir in Eamhain Mhacha. Rug Cú Chulainn ar na hairm seo. Chuir sé an tsleá trasna a ghlúine gur dhein sé dhá leath di agus chuir sé a chos glan isteach trén sciath.

“Ní mór an gaisce a dhéanfadh duine leis na hairm sin” arsa Cú Chulainn.

Sea, tugadh airm eile chuige agus dhein sé píosaí beaga díobh go léir. Ar deireadh thug Conchúr a shleá agus a sciath féin dó. Bhain Cú Chulainn triail astu agus níor bhris siad.

“Sea, ar seisean, airm mhaithe iad seo.”

“Sin iad mo chuid arm féin” arsa Conchúr, “agus bronnaim ort iad. Tá áthas orm go bhfuil tú i measc mo chuid laoch, a Chú Chulainn.”

An uair sin díreach shiúil Cafa isteach. Chonaic sé Cú Chulainn beag agus airm Chonchúir Mhic Neasa aige. Bhí iontas air mar nach mbíodh cead ag aon duine baint leis na hairm sin. Labhair sé.

“Cad é seo?” ar seisean. “Cad ina thaobh go bhfuil na hairm ag an mbuachaillín óg seo?”

D’fhreagair Conchúr Mac Neasa é.

“Thug mé mo chuid arm féin do Chú Chulainn mar gur dhein sé smidiríní desna hairm eile a thugamar dó. Tá sé i measc mo chuid laoch anois toisc go ndúirt tusa leis airm a ghlacadh inniu, a Chafa” arsa Conchúr.

“Ní dúirt mé a leithéid leis!” arsa Cafa.

D’fhéach an rí ar Chú Chulainn agus é ar buile. Cheap sé go raibh bréag inste ag Cú Chulainn, agus sin rud nach ndéanfadh aon laoch ceart.

“A Chú Chulainn, cad ina thaobh go ndúirt tú gur chuir Cafa anseo tú chun airm a ghlacadh inniu?”

“Ní hé sin a dúirt mé, a Chonchúir uasail Mhic Neasa” arsa Cú Chulainn. D’fhreagair mé an cheist a chuir tú orm agus dúirt mé leat gurbh é Cafa a chuir im cheann é airm a ghlacadh inniu. Do bhí an fhírinne agam. Chuala mé é ag caint leis na hógánaigh a bhí ina suí ar an bport féir atá le hais an dúna. Dúirt sé leo go mbeadh clú agus cáil go deo ar an gcéad duine a ghlacfadh airm anso in Eamhain Mhacha inniu. Sin a chuir im cheann é. Sea agus táim ullamh don gcúram pé scéal é! Nach raibh ort do chuid arm féin a bhronnadh orm, a rí uasail, toisc nach raibh na hairm eile láidir ná maith a ndóthain dom!”

“Is fíor a bhfuil ráite ag Cú Chulainn” arsa Cafa. “Beidh clú agus cáil ort a Chú Chulainn, ach gheobhaidh tú bás go hóg.”

“Is cuma liomsa san” arsa Cú Chulainn. “Mura mairfinn ach lá agus oíche bheinn sásta go mbeadh cuimhne orm i measc na nGael go deo!”

Tamall de bhlianta ina dhiaidh sin nuair ba mhó an baol do Chúige Uladh, b’é Cú Chulainn an t-aon duine amháin a bhí in ann an cúige a chosaint. Scéal fada eile é sin áfach agus beidh lá eile lena insint.

Ar ala na huaire seo áfach, sin é mo scéalsa i dtaobh Chú Chulainn.

Má tá bréag ann bíodh mar ní mise a chum ná a cheap é.